# Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r- Shláinte
# Fógra Eolais d'Othair

Is é is aidhm don doiciméad seo othair a chur ar an eolas maidir le malartú a gcuid sonraí i suíomh trasteorann, ar bhealach gonta, trédhearcach, intuigthe agus féinmhínitheach.

## 1. Céard atá sa Bhonneagar Seirbhísí Digiteacha r- Shláinte?

Cuireann an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte (eHDSI nó eHealth DSI) rochtain shábháilte agus éasca ar shonraí leighis ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte a bhfuil baint acu le cóireáil nó le soláthar cógais leighis.

Leis an mbonneagar seo, cuirtear rochtain ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte ar shonraí leighis a bhaineann le cónaitheoirí an Aontais, trí mheán leictreonach - am ar bith agus áit ar bith laistigh den Aontas.

Déantar é sin trí thairseach shlán arna soláthar ag Pointe Teagmhála Náisiúnta don r- Shláinte (NCPeH) arna ainmniú ag gach tír.

Gach eagraíocht atá ainmnithe mar NCPeH, glacann sí freagracht, ina cáil mar rialaitheoir sonraí, as bailiú, stóráil agus aistriú na sonraí atá ina clárlann leighis féin, agus as gníomhaíochtaí próiseála eile a bhaineann leis na sonraí sin.

Ciallaíonn sé sin freisin go ndéantar do shonraí pearsanta a thaifeadadh, a aistriú agus a stóráil i gcomhréir le dlí na tíre ina ndéantar an chóireáil.

## 2. Cad iad na catagóirí de do shonraí sláinte pearsanta atá i gceist?

- Achoimre ar an othar – bailítear do shonraí leighis pearsanta ó do thír chleamhnachta chun go mbeidh tú in ann cóireáil a fháil i dtír eile de chuid an Aontais[1]. San achoimre ar an othar tá faisnéis ar shonraí tábhachtacha an othair cosúil le hailléirgí, cógais reatha, tinnis agus gnáthaimh mháinliachta roimhe seo, faisnéis atá riachtanach chun cóir leighis ceart a chur ort agus tú thar lear.
- Ríomhoideas agus dáileadh leictreonach - is féidir leat oideas leighis a fháil ó sholáthraí cúraim sláinte i do thír chleamhnachta agus cógas a fháil trí chógaslann i dtír eile san Aontas. San ríomhoideas tá an t-eolas céanna ann, go bunúsach, agus a bhíonn i ngnáthoideas páipéar, i.e. aitheantas an dochtúir, an othair agus an chógais leighis fhorordaithe. Luaitear ar an ríomhdháileadh an cógas leighis a dháiltear.

An t-eolas atá ar fáil, tá sé sin mar an gcéanna le cibé sonraí pearsanta de do chuid atá taifeadta cheana i bhfoirm leictreonach sa tír chleamhnachta.

[1] Tá an córas ar oscailt faoi láthair don Íoslainn, Lichtinstéin, don Iorua agus don Eilvéis freisin.

### 3. Cén bunús dlí atá le húsáid do shonraí pearsanta?

I gcás ina bhfaighfeá cóireáil nó cógas leighis thar lear, déanfar do shonraí a thaifeadadh sa tír ina ndéantar an chóireáil de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), de réir dhlíthe na tíre sin agus de réir chleachtais an tsoláthraí cúraim sláinte i gceist.

### 4. Cad é cuspóir na próiseála?

Ní bhainfear úsáid as do shonraí leighis ach le haghaidh do chóireála leighis nó chun cógais leighis a sholáthar.
I roinnt tíortha den Aontas, áfach, d'fhéadfaí na sonraí pearsanta sin a úsáid freisin faoi choinníollacha áirithe chun críocha eile a fhorordaítear sa dlí, amhail staitisticí, monatóireacht agus taighde chun cáilíocht na sláinte poiblí a fheabhsú.
Chun na gcríoch tánaisteach sin, tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit rannpháirteacha coimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm cosúil le sonraí pearsanta a dhí-aithint i gcás inar gá.
Seachas an chóireáil a chuirfí ortsa, sa Phortaingéil, ní féidir do shonraí pearsanta a úsáid ach chun na gcríoch tánaisteach dá bhforáiltear in Airteagail 5.°/1/b) agus 89.° den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### 5. Cé a phróiseálann na sonraí sin agus cé aige a bhfuil rochtain orthu?

Ní bheidh rochtain ar do shonraí pearsanta ach ag gairmithe sláinte údaraithe agus inaitheanta a bhfuil baint acu le do chóireáil nó le cógas leighis a sholáthar faoi rúndacht ghairmiúil sa tíre ina ndéantar an chóireáil.
Tá an cúram glactha ag gach tír díobh sin chun a chinntiú go mbeidh eolas agus oiliúint leordhóthanach maidir lena gcuid dualgas ag na gairmithe sláinte rannpháirteacha (lena n-áirítear lianna, altraí, cógaiseoirí agus gairmithe sláinte eile a bhfuil baint acu le malartú trasteorann sonraí leighis) agus ag soláthraithe cúraim sláinte ar a gcríoch.
Nuair a aistrítear na sonraí chuig tír eile san Aontas trí eHDSI, glacann gach faighteoir sonraí freagracht as próiseáil na sonraí sin laistigh de raon feidhme a ngníomhaíochtaí próiseála sonraí féin. Is iad seo a leanas faighteoirí na sonraí a ghlacann na freagrachtaí sin:

- An eagraíocht cúraim sláinte ina bhfaigheann tú do chóireáil;

- An chógaslann ina bhfaigheann tú do chógas leighis forordaithe;
- An NCPeH sa tír a n-aistrítear na sonraí chuici;

Féach ar shuíomh gréasáin eHDSI chun teacht ar na Ballstáit san Aontas atá rannpháirteach: https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/x/XplqB. Aistreofar na sonraí trí thairseach shlán arna soláthar ag NCPeH arna ainmniú ag gach tír.

## 6. Cén cineál sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

Faisnéis níos mionsonraithe faoi na cineálacha éagsúla sonraí a phróiseáiltear nuair a fhaigheann tú cóireáil nó cógas sa tír ina ndéantar an chóireáil, is féidir í a fháil anseo:

| ***Achoimre ar an othar*** |
|---|
| **Sonraí próiseáilte:**<br>i) Aitheantas an othair eachtraigh<br>ii) Ailléirgí<br>iii) Cógas<br>iv) Diagnóis agus galair<br>v) Cóireáil mháinliachta agus gnáthaimh leighis<br>vi) Sonraí sláinte eile arna soláthar ag an tír chleamhnachta san achoimre ar an othar |
| ***ríomhoideas* (*rO*) */dáileadh leictreonach* (rD)** |
| **Sonraí próiseáilte:**<br>i) Aitheantas an othair eachtraigh<br>ii) Liosta na n-oideas gníomhach le haghaidh an othair eachtrannaigh<br>iii) Oideas atá le dáileadh ag an gcógaslann Phortaingéileach<br>iv) An dáileadh a chur in iúl don tír ina ndéantar an chóireáil |

## 7. Cá háit agus cá fhad a stóráiltear na sonraí pearsanta?

Is féidir na sonraí pearsanta a bhailítear a stóráil i gcórais faisnéise na n-institiúidí sláinte i do thír chleamhnachta agus sa tír ina ndéantar an chóireáil araon. Ní stórálfar na sonraí níos faide ná mar is gá chun na críche dá ndéantar iad a phróiseáil. Na tréimhsí stórála is infheidhme sa Phortaingéil, is éard atá iontu na tréimhsí arna sainiú sa reachtaíocht náisiúnta agus ag aon údarú arna eisiúint ag an údarás náisiúnta cosanta sonraí roimhe sin faoi Dhlí uimh. 67/98, an 26 Aibreán.

D'fhéadfadh an tréimhse stórála iarbhír sna Ballstáit eile a bheith éagsúil. Tá faisnéis níos sonraí faoi na tréimhsí stórála sna Ballstáit le fáil ar shuíomh gréasáin eHDSI https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/x/XplqB.

Ní fhéadfar tréimhsí níos faide a úsáid ach amháin chun cartlannú a dhéanamh agus chun taighde eolaíoch nó stairiúil a dhéanamh i gcás ina bhfuil cosaintí príobháideachais ar leith i bhfeidhm (amhail anaithnidiú).

## 8. Do chearta rochtana

Sa chás nach gceadaíonn tú do eHDSI do shonraí pearsanta a phróiseáil, ciallaíonn sé nach mbeidh do chuid sonraí ar fáil le haghaidh do chóireála ná le haghaidh dáileadh cógas leighis tríd an gcóras seo nuair a bhíonn tú i dtír eile san Aontas.

Sa chás go gceadaíonn tú don chóras do shonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leat rochtain a fháil orthu i gcomhthéacs do chóireála nó i gcomhthéacs na dáilte leighis, nó ar bhealach eile trí iarratas a sheoladh chuig Centro de Contacto do Serviço Nacional de Saúde (SNS), tríd an seoladh ríomhphoist atendimento@sns24.gov.pt nó ar an bhfón ag an uimhir 808242424.

Féadfar rochtain den sórt sin ar do shonraí pearsanta a iarraidh freisin ar an eagraíocht cúraim sláinte ábhartha i do thír chleamhnachta agus, de réir mar a bheidh, ar an ngairmí cúraim sláinte (lena n-áirítear lianna, altraí, cógaiseoirí agus aon ghairmithe sláinte eile a bhfuil baint acu leis an malartú sonraí trasteorann) sa tír ina ndéantar an chóireáil.

Tá sé de cheart agat freisin agóid a dhéanamh nó iarraidh a dhéanamh go gcuirfí srian ar an bpróiseáil agus tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a cheartú agus iarraidh a dhéanamh go scriosfaí iad gan moill mhíchuí chomh maith leis an gceart chun iniomparthachta sonraí, más infheidhme.

Ar deireadh, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta i do thír chónaithe nó sa tír ina ndéantar an chóireáil, de réir an cháis fhíorasaigh.

Is é Comissão Nacional de Protecção de Dados údarás náisiúnta cosanta sonraí na Portaingéile, ar féidir teacht air trí na teagmhálacha seo a leanas:

Comissão Nacional de Protecção de Dados
Av. D. Carlos I, 134-1.°, 1200-651 Liospóin - an Phortaingéil

Teileafón: (+ 351) 21 392 84 00
Facs: (+ 351) 21 397 68 32
ríomhphost: geral@cnpd.pt

Is féidir teacht ar shonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta i mBallstáit eile de chuid an Aontais ag: https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/x/XplqB

## 9. Sonraí teagmhála

- **Rialaitheoir Sonraí**

SPMS – Serviços Partilhados do Ministério da Saúde, E.P.E.

Avenida da República, 61, 1050-189 Liospóin

Ríomhphoist: secretariado@spms.min-saude.pt

Teileafón: 211 545 600

- **An tOifigeach Cosanta Sonraí**

Ríomhphost: dpo@spms.min-saude.pt

Teileafón: 211 545 600